

**Pádraic Ó Conaire agus Molly McManus: Taighde Nua, agus Aguisín:
Bás agus adhlacadh Thomas Conroy, athair Phádraic Uí Chonaire**

John Gillen

(Tá an páipéar seo bunaithe ar léacht a tugadh an 25 Feabhra 2012, i gColáiste Lehman, faoi ainm Gaeilge an údair, Seán Mac Giolla Ghunna, mar chuid den siompóisiam An Gearrscéal i Litríocht na Gaeilge, a d’eagraigh an Clár Gaeilge de chuid Roinn na dTeangacha agus Litríochtaí.)

Tugtar fianaise nua anseo gur pósadh an scríbhneoir cáiliúil Pádraic Ó Conaire agus Mary (nó Molly) McManus ar an 30 Eanáir 1926 i Londain, dhá bhliain go leith roimh bhás Uí Chonaire. Tá an t-eolas seo le fáil i dteastas pósta Patrick Joseph Conroy agus Mary Agnes McManus, agus freagraíonn sé an cheist: “An raibh an lánúin pósta?” Pléitear an teastas seo agus doiciméid eile, go háirithe faoi Mary McManus agus faoina tuismitheoirí.

Ábhar eile éiginnteachta faoi bheatha Uí Chonaire is ea bás a athar, Thomas Conroy; is beag atá ar eolas faoin mbás sin, ach amháin go gceaptar gur tharla sé sna Stáit Aontaithe. Tugtar fianaise anseo go bhfuair Thomas Conroy bás ar an 16 Márta 1887, den fhiabhras breac, i mBostún Massachusetts, agus gur cuireadh thall é in Mount Calvary Cemetery.

Réamhrá

Cé go bhfuil beathaisnéisí údarásacha ar fáil faoin scríbhneoir cáiliúil, Pádraic Ó Conaire, le Pádraigín Riggs (*Pádraic Ó Conaire: Deoraí*)¹ agus leis an tSiúr Eibhlín Ní Chionnaith (*Pádraic Ó Conaire: Scéal a Bheatha*)² go háirithe, mar aon le ceann luath le hÁine Ní Chnámhín (*Pádraic Ó Conaire*)³ agus le ceann suimiúil scríofa níos deireanaí ag Aindrias Ó Cathasaigh (*Réabhlóid Phádraic Uí Chonaire*)⁴, is iontach a laghad atá ar eolas faoi Mary (nó Molly) McManus, an bhean a raibh Ó Conaire ina chónaí léi ar feadh dhá bhliain déag agus a raibh ceathrar clainne aige léi.⁵ Mar a deir Riggs:

Is beag atá ar eolas againn ina taobh siúd agus níl aon fhianaise ann, fiú, gur pósadh í féin agus Pádraic riamh.⁶

Agus mar an gcéanna ag Ní Chionnaith:

Níor éirigh liom teacht ar fhianaise ar bith go raibh Ó Conaire pósta.⁷

Sa chéad beathaisnéis faoin gConaireach, a scríobh Áine Ní Chnámhín sa bhliain 1947, tá bearnaí móra ann faoi shaol pearsanta Uí Chonaire: níl trácht ar Molly McManus ann ná ar a

gclann. Ach fuair Aindrias Ó Cathasaigh litir sa Chartlann Náisiúnta ina míníonn Ní Chnámhín gur ‘Thug Isaac Ó Conaire, dearbhráthair do Phádraic, cruinn-eolas dom i dtaobh an phósta chéanna ach thug sé de gheasa orm gan aon chuid de d’fhoilsíú, gur mór a ghoillfeadh sé ar chuid dá mhuintir fírinne an scéil a nochtadh don phobal.’⁸

Ina mbeathaisnéisí, chuir Riggs agus Ní Chionnaith, faoi seach, eolas le chéile óna lán foinsí, cuid de a bhí i gcló cheana féin agus cuid de nach raibh: rinne siad agallaimh, go háirithe le clann Phádraic agus Mary, clann atá ar shlí na fírinne anois. Seo a leanas achoimre ar na fíricí faoi Molly McManus atá tugtha chun solais ag Riggs agus ag Ní Chionnaith:

Rugadh Molly McManus i mBaile Átha Cliath⁹; níl trácht ar dháta breithe di. Níl trácht, ach oiread, ar a tuismitheoirí (ná ar a n-ainmneacha, fiú), ach amháin:

Múinteoir ceoil a bhí in athair Molly, de réir Phádraic Fhionn Uí Chonaire, mac Phádraic... (agus go raibh) teach sách mór ag muintir Mhic Mhánais áit éigin i Ráth Maonais. Le linn an tSamhraidh ba ghnách leo dhá sheomra a ligean ar cíos. I Samhradh na bliana 1903, thóg Ó Conaire ceann de na seomraí seo ar cíos. Thiocfadh dó gur fhill Molly go Londain leis.¹⁰

Dar le hiníon leo, bean chúnta a bhí in Molly go luath ina saol.¹¹ Ní raibh a gclann féin cinnte an raibh Molly agus an Conaireach pósta, ach shíl duine díobh, Kathleen, gur pósadh iad áit éigin i Londain, cé nárbh eol di go díreach cén áit.¹² Rugadh ceathrar clainne don bheirt i Londain: Eileen Conroy ar an 22 Feabhra 1905 agus iad ina gcónaí ag 88 Vauxhall Road, Kingsway, Westminster, Patrick Joseph Conroy (an t-ainm céanna a bhí scríofa ar theastas breithe Phádraic Uí Chonaire sa bhliain 1882) ar an 3 Samhain 1906 ag 13 St. Paul’s Road, Newington, Kathleen Conroy ar an 24 Feabhra 1909 ag 41 St. Paul’s Road, Newington, agus Mary Josephine Conroy ar an 28 Iúil 1911 ag 23 Ravensden Street, Kennington.¹³

Briseadh Ó Conaire as a phost sa státseirbhís ar an 9 Deireadh Fómhair 1915 agus d’fhill sé ar Éirinn faoi dheireadh na Nollag, ag fágáil Molly agus a gceathrar leanaí ina dhiaidh.¹⁴ Ní chuireadh sé aon airgead ar ais chucu go rialta, cé go gcuireadh sé suimeanna beaga ó am go chéile, mar shampla, nuair a d’insítí dó go mbíodh bróga de dhíth ar dhuine de na páistí.¹⁵ Bhí ar Molly dul ar aimsir chun an chlann a thógáil.¹⁶ Deirtear go raibh sí ag obair do Dame Nelly Melba, an soprán cáiliúil, tamall, a thugadh a cuid seanghúnaí do Molly.¹⁷ Ba mhinic a shiúil Molly go dtí an áit oibre chun pingin nó dhó a shábháil ar an mbus.¹⁸ Fuair Mary Josephine, an páiste ab óige, bás den diftéire sa bhliain 1922; chreid na páistí eile gur cailleadh í mar nach raibh go leor airgid ag Molly chun dochtúir a fháil di.¹⁹

Ní raibh focal Gaeilge ag Molly, ná ag na páistí;²⁰ ach scríobhadh Ó Conaire chuig a iníon, Kathleen, “secretary of the family,” go minic as Gaeilge agus bhíodh uirthi duine a aimsiú ansin chun an teachtaireacht a aistriú.²¹ Is í Kathleen an chéad duine sa chlann a thug cuairt ar Éirinn, chuig a hathair, i samhradh na bliana 1925, is cosúil. Agus í ag fanacht leis ag Stáisiún Broadstone bhí grianghraf de ina mála aici, mar nár leag Kathleen súil ar a hathair ó bhí sí seacht

mbliana d’aois, deich mbliana roimhe sin. “Rinneadh síocháin idir Ó Conaire agus a theaghlach thall i Londain, de réir dealraimh...,” a deir Riggs²², agus thosaigh an Conaireach ar chuartheanna a thabhairt orthu i Londain ina dhiaidh sin. “4 China Square” an seoladh a bhí ag Molly i Londain ag an am sin, agus chuaigh Ó Conaire ann i mí Mheán Fómhair 1925, agus arís i mí na Nollag²³. Is soiléir ó chárta poist a chuir sé i mí an Mhárta 1926 go raibh sé i Londain ansin, freisin,²⁴ agus ó ailt a scríobh sé go ndeachaigh sé go Londain i mí Mheán Fómhair 1927 agus arís i mí na Nollag.²⁵ Thug Eileen agus Patrick cuairteanna ar a n-athair in Éirinn freisin,²⁶ agus deir Ní Chionnaith gur tháinig Molly féin ar ais ar cuairt go hÉirinn, uair amháin ar a laghad, sa bhliain 1927.²⁷

Dúirt Eileen nach raibh de mhuintir Uí Chonaire i láthair ag sochraid Phádraic, i nGaillimh, an 8 Deireadh Fómhair 1928, ach Íosóg Ó Conaire, deartháir Phádraic.²⁸ Ach dar le Kathleen (agus le roinnt daoine eile),²⁹ bhí Molly agus a mac, Patrick, ann. I ndiaidh na sochraide, chuaigh Molly agus a mac go teach Thaidhg Uí Chatháin chun giuirleídí Uí Chonaire a thabhairt leo.³⁰

Sa bhliain 1935, nuair a nochtadh an dealbh cháiliúil den Chonaireach san Fhaiche Mhór i nGaillimh, ní raibh Molly i láthair ag an eachtra: ní raibh an t-airgead aici chun an turas a thabhairt.³¹ Níos déanaí, rinneadh iarracht pinsean a fháil di, ach níor éirigh leis an iarracht.³² Maraíodh í agus garmhac léi ar an 4 Eanáir 1945 i Londain le linn an Dara Cogadh Domhanda, nuair a bhuail buama Gearmánach an teach ina raibh siad.³³ Scríosadh páipéir Uí Chonaire go léir,³⁴ in éineacht le gach uile rud eile sa teach, ach amháin fáinne Cladaigh a thug an Conaireach do Molly blianta roimhe sin. Cuireadh i Reilig Lambeth í féin agus a garmhac.³⁵

Seo iad na fíricí faoi Molly agus faoin gConaireach mar atá siad sna beathaisnéisí le Riggs agus le Ní Chionnaith; de cheal fianaise scríofa ón gConaireach faoina chaidreamh le Molly, déanann Ó Cathasaigh, in *Réabhlóid Phádraic Uí Chonaire*, iarracht úsáid a bhaint as scéalaíocht Uí Chonaire mar fhoinsé leideanna don chaidreamh sin. Mar shampla, ‘An Chéad Chloch’ a scríobh an Conaireach i 1912, nuair a bhí a chaidreamh le Molly tar éis dul i bhfuair. Sa scéal sin, tugann fealsúnaí óg bean phósta a bhfuil sé i ngrá léi go tír eile leis, ach ‘Deich mbliana ina dhiaidh sin, tá deireadh leis an ngrá. Mar seo a achoimríos a scéal:

imeacht óna thír féin;
bochtanas i dtír eile;
an bhean ag dul in aois;
an fuinneamh ag éalú uatha beirt;
cantal;
neamh-aire;
fuath;
beirt bhocht ar fán agus fuath aca dhá chéile!³⁶

Agus san úrscéal *Deoraidheacht*, ‘B’fhéidir aríst go bhfuil caidreamh Mhichíl leis an mbean ramhar mar aithris ar chaidreamh Uí Chonaire le McManus – nó ar an gcaoi ab áil leis féin a

gcaidreamh a thuiscint... Cé nach réitíonn siad le chéile ar chor ar bith, tá cathú ar Micheál í a phósadh mar sin féin:

Dá bpósfainn an Bhean Ramhar, nach dtóigfeadh sí clann dom?....

Ach cinneann sé ar deireadh – ainneoin dícheall a hathar, an fear beag buí – go mb’fhearr gan é sin a dhéanamh: ‘Dá bpósfainn í, is cinnte nach ndéanfainn ach í a mharú’.³⁷

Teastas Pósta Patrick Joseph Conroy agus Mary Agnes McManus

Sa lá atá inniu ann, agus suim sa ghinealas mar chaitheamh aimsire ag na mílte, is iomaí bunachar sonraí atá bainteach leis an nginealas ar fáil ar líne. Mar shampla, tá daonáirimh na hÉireann 1901 agus 1911 ar fáil saor in aisce ar líne ón gCartlann Náisiúnta;³⁸ saor in aisce, mar an gcéanna, atá beagnach 3,000,000 taifead eaglasta, ón Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta.³⁹ Agus tá fáil, saor in aisce nó le síntiús, ar dhaonáirimh Shasana agus ar innéacsanna do theastais bhreithe, phósta, agus bháis in Éirinn agus i Sasana. Ní raibh na háiseanna ar líne seo le fáil nuair a scríobhadh na beathaisnéisí, *Pádraic Ó Conaire: Deoraí agus Pádraic Ó Conaire: Scéal a Bheatha*, sna hochtóidí agus sna luathnóchaidí den aois seo caite.

Ní nach ionadh, tá breis eolais le fáil anois ó na cáipéisí i dtaobh Molly McManus agus Phádraic Uí Chonaire. Mar shampla, sa “Census of England and Wales, 1911”, seoladh: 23 Ravensden St, Kennington, London, SE, an 3 Aibreán, tá “Patrick Joseph Conroy”, fear an tí, 29, pósta, “Profession or Occupation: Government clerk, assist. clerk, Board of Education”, áit bhreithe: “Galway, Co. Galway, Ireland”, agus “Mary Conroy, wife”, 30, pósta, “Completed years the present Marriage has lasted: 7”, “Total Children Born Alive: 3, Children still Living: 3”, áit bhreithe: “Dublin, Ireland”. Bhí triúr clainne acu faoin am sin: “Aileen Conroy”, iníon, 6, áit bhreithe: “Westminster, London”, “Patrick Joseph Conroy”, mac, 4, áit bhreithe: “Southwark, London”, agus “Kathleen Conroy”, iníon, 2, áit bhreithe: “Southwark, London”. Tá cuairteoir amháin acu: “Henry O’Grady, visitor”, 15, áit bhreithe: “Dublin, Ireland”, “Profession or Occupation: Boy Assist. Wine Broker”.⁴

Dar leis an tuairisceán daonáirimh seo, bhí Pádraic agus Mary pósta ar feadh seacht mbliana faoi 1911. Ach an fíor go raibh siad pósta? Dá mba rud é go raibh, bheadh teastas pósta ann, mar ag an am sin, níor aithníodh pósadh faoin dlí coiteann, i Sasana ná in Éirinn.⁴¹ Ach mar a dúirt an tSiúr Eibhlín Ní Chionnaith, agus í ag lua litreach ón gCláráitheoir, 23 Feabhra 1983:

Ní bhfuair mé aon fhianaise go raibh Pádraic agus Máire pósta toisc nach raibh an teastas pósta ar fáil.⁴²

Ach anois níl gá bheith i dtuilleamaí na Chláráitheora a thuilleadh; tá innéacsanna do na teastais phósta i Sasana le fáil ar líne, ceann amháin ón mbliain 1837 go dtí an bhliain 1915,⁴³ agus ceann eile ón mbliain 1916 go dtí an bhliain 2005.⁴⁴ Níl pósadh idir Patrick Conroy agus Mary McManus le fáil sa chéad innéacs, ach sa dara ceann atá an iontráil a leanas:

Name: Patrick J Conroy, Spouse Surname: McManus, Date of Registration: Jan-Feb-Mar 1926, Registration district: Lambeth, Inferred County: Surrey, Volume Number: 1d, Page Number: 411

Ar an teastas féin atá an t-eolas go raibh an pósadh "...solemnized at the Register Office in the District of Lambeth in the County of London... Thirtieth January 1926..." idir "Patrick Joseph Conroy, 42 years, bachelor, commercial clerk, residence at the time of marriage 4 China Square Lambeth, father's name and surname Thomas Conroy (deceased), rank or profession of father: timber merchant" agus "Mary Agnes McManus, 44 years, spinster, residence at the time of marriage 4 China Square Lambeth, father's name and surname Daniel McManus (deceased), rank or profession of father: commercial clerk."⁴⁵

Dearbhaíonn na téarmaí, "bachelor" agus "spinster", nach raibh Ó Conaire agus McManus pósta cheana féin. Tagann an seoladh sin, "4 China Square" leis an seoladh ar litir a scríobh an Conaireach chuig a chara, F.R. Higgins, ar an 27 Nollaig 1925.⁴⁶ Tugtar "commercial clerk" ar Ó Conaire ar theastas beireatais a chéad pháiste, freisin.⁴⁷ Maidir le Mary Agnes McManus, níl trácht ar a hathair in áit ar bith eile. (Is cosúil go raibh Ó Cathasaigh iomrallach nuair a d'áitigh sé gurbh iad James agus Mary McManus tuismitheoirí Molly.⁴⁸)

Teastas Beireatais Mary McManus

Agus ainm agus slí bheatha a hathar ar eolas anois, is féidir dealú idir í agus gach Mary McManus eile. Tá an teastas beireatais ar fáil:

Births registered in the district of No. 3 North City in the Union of Dublin North in the County of the City of Dublin, date and place of birth: Eighteenth March 1876, 16 Tighe St, name: Mary, name...of father: Daniel McManus, 16 Tighe St, name...of mother: Agnes McManus formerly Hammond, rank or profession of father: clerk.⁴⁹

Níl "Tighe St" le fáil i mBaile Átha Cliath a thuilleadh; chuaigh an logainm sin as úsáid in 1890 nuair a nascadh Barrack Street agus Tighe Street le chéile chun Benburb Street a chruthú.⁵⁰ Freagraíonn Tighe Street don cheann thoir de Shráid na Binne Boirbe sa lá atá inniu ann, idir Sráid Eoin Thuaidh/Sráid Hendrick agus Sráid na Banríona. Dar lena teastas pósta, ní raibh Mary ach dhá bhliain níos sine ná Pádraic, ach dar lena teastas beireatais sé bliana níos sine ná é a bhí sí. Baisteadh ar an 20 Márta 1876 í, in Eaglais Naomh Póil, Cé Áránn.⁵¹

Maidir le tuismitheoirí Mary, is féidir anois teastas pósta Daniel McManus agus Agnes Hammond a aimsiú. Pósadh i gContae Ard Mhacha iad, i séipéal Caitliceach Bhaile an Chláir, taobh amuigh den Iúr, ar an 12 Aibreán 1872. Bhí Daniel ina chónaí san Iúr, "occupation: clerk", agus luaitear Edward McManus, garraíodóir, mar athair dó. Bhí Agnes Hammond ina cailín aimsire in Carrickbreda; An Maorsháirsint John Hammond a thugtar ar a hathair.⁵²

Tá teastais bheireatais agus / nó bhaiste le fáil do pháistí Daniel McManus agus Agnes Hammond a leanas:

- William Aloysius McManus. Rugadh ar an 3 Feabhra 1874 é, ag 65 Sráid Gheata na Páirce, Baile Átha Cliath Thuaidh.⁵³ Baisteadh ar an 5 Feabhra 1874 é, in Eaglais Naomh Póil, Cé Áránn.⁵⁴ Pósadh William ar Blanche Taylor, iníon le William Taylor agus Mary Meade, ar an 15 Samhain 1897, i Leas-Ardeaglais Naomh Muire, Baile Átha Cliath.⁵⁵
- Mary McManus (*féach thuas*)
- Rebecca McManus. Saolaíodh ar an 13 Eanáir 1878 í, ag 116 Sráid an Rí, Baile Átha Cliath Thuaidh.⁵⁶ Baisteadh ar an 4 Feabhra 1878 í, in Eaglais Naomh Póil, Cé Áránn.⁵⁷ Pósadh Rebecca ar William Breslin, mac le Michael Breslin agus Julia Caffrey, ar an 14 Bealtaine 1899, i Londain Shasana.⁵⁸ Saolaíodh triúr clainne dóibh i Londain sula bhfuair William bás i 1907.⁵⁹ Pósadh Rebecca ar Daniel O’Grady (mac le Henry O’Grady agus Bridget Murphy), iar-Bhaile Átha Cliathach a bhíodh ag obair seal ar an mbóthar iarainn i gCeanada, ar an 15 Feabhra 1916 in Elham, Kent (ar an teastas pósta tugtar “Dan McManus, deceased, commercial clerk” ar athair Rebecca);⁶⁰ rugadh iníon dóibh ansiúd, agus i 1919 d’aistrigh siad ó Shasana go Ceanada.⁶¹ Fuair Rebecca bás ar an 16 Aibreán 1953 i South Burnaby, British Columbia, fo-bhaile de chuid Vancouver.⁶²
- Martha McManus. Saolaíodh ar an 5 Aibreán 1880 í, ag 106 Sráid an Rí, Baile Átha Cliath Thuaidh⁶³ agus baisteadh ar an 7 Aibreán 1880 í in Eaglais Naomh Póil, Cé Áránn.⁶⁴ Fuair sí bás ó “phthisis” (eitinn) ar an 12 Deireadh Fómhair 1884, sa North Dublin Union Workhouse. “Martha McManus from 17 North Brunswick Street... daughter of a clerk” a thugtar uirthi ar an teastas báis.⁶⁵
- Agnes McManus. Rugadh ar an 11 Iúil 1882 í, ag 8 Lána na Stíoróipe, Baile Átha Cliath Thuaidh⁶⁶ (ach ag 8 Sráid an Rí Thuaidh, dar leis an teastas baiste) agus baisteadh ar an 17 Iúil 1882 í in Eaglais Chaitliceach San Michin.⁶⁷ Fuair sí bás ó “marasmus” (míchothú) ar an 22 Lúnasa 1885, ar 9 Tighe Street, Baile Átha Cliath Thuaidh.⁶⁸
- Josephine Elizabeth McManus. Saolaíodh ar an 6 Márta 1886 í, ag 1 Barrack Street, Baile Átha Cliath Thuaidh, agus baisteadh ar an 17 Márta 1886 í, in Eaglais Naomh Póil, Cé Áránn.⁶⁹
- Honoria Grace McManus. Saolaíodh ar an 6 Bealtaine 1891 í, ag 9 Sráid Hendrick, Baile Átha Cliath Thuaidh, agus baisteadh ar an 11 Bealtaine 1891 í, in Eaglais Naomh Póil, Cé Áránn.⁷⁰
- Theresa Gertrude McManus. Rugadh ar an 7 Feabhra 1893 í, in Ospidéal an Rotunda, Baile Átha Cliath, agus baisteadh ar an 11 Feabhra 1893 í, i Leas-Ardeaglais Naomh Muire, Baile Átha Cliath.⁷¹
- Patrick Joseph McManus. Rugadh ar an 17 Márta 1895 é, ag 6 Sráid Eabhrac, Baile Átha Cliath Theas, agus baisteadh ar an 28 Márta 1895 é, in Eaglais Mhichíl agus Eoin, Baile Átha Cliath. Mary McManus a chuaigh chun baiste leis.⁷²

Agus í ag plé na seoltaí difriúla ar theastais bheireatais pháistí Phádraic agus Mary, deir Riggs:

Ba nós coitianta i measc na mbocht i Londain ag an am bheith ag aistriú mar seo ó theach go teach, laistigh de limistéar beag.⁷³

Is cosúil gur fíor é seo i gcás na mbocht i mBaile Átha Cliath, freisin.

Cé go bhfuil 269 Mary McManus le fáil i nDaonáireamh na hÉireann 1901, ní foláir gach duine díobh a chur as an áireamh ar chúis éigin: tá siad ró-óg nó róshean, tá siad pósta, níor rugadh i mBaile Átha Cliath iad, nó tá ainm eile seachas Daniel ar a n-athair, srl.; i nDaonáireamh Shasana agus i nDaonáireamh na hAlban atá fáil ar chúpla cailín aimsire neamhphósta den ainm sin de bhunadh Éireannach agus d'aois oiriúnach, duine amháin i Learpholl, agus duine eile i nDún Déagh, ach ní féidir a bheith cinnte de arb í ceachtar den bheirt seo an Mary McManus atá i gceist anseo.⁷⁴

Ach tá a tuismitheoirí le fáil i nDaonáireamh na hÉireann 1901 (ach san innéacs tá an sloinne scríofa amach go mícheart: “McManns”, seachas McManus):

Residents of a house 96.1 in Dromard Avenue (Pembroke East & Donnybrook, Dublin), Daniel McManus, head of family, Roman Catholic, 55, clerk in marine stores, married, where born: Scotland. Wife: Agnes McManus, Roman Catholic, 45, where born: City of Dublin.⁷⁵

Agus tá beirt deirfiúracha ina gcónaí leo: Elizabeth, 12, agus Annie, 10, an bheirt acu ina scoláirí, a rugadh i gCathair Bhaile Átha Cliath. Is cosúil go raibh Josephine Elizabeth trí bliana níos sine ná mar a bhí sa daonáireamh; agus ní léir ar fad cérbh í “Annie McManus”. Honoria, b'fhéidir; bheadh sise beagnach 10 mbliana d'aois ag an am. Ach b'fhéidir gurb é an ghné is suimiúla den tuairisceán daonáirimh seo ná go dtuairiscítear anseo gur rugadh Daniel McManus in Albain.

Mar ‘clerk in marine stores’ bhí Daniel McManus ina sholáthraí loinge, slí bheatha a chréachtaíodh athair Phádraic Uí Chonaire freisin, mar a fheicimid níos déanaí. Ach b'fhéidir nach raibh Pádraic Fionn Ó Conaire iomrallach nuair a dúirt sé gur múinteoir ceoil a bhí in athair Molly; thioctadh dó gur thug Daniel ceachtanna ceoil ar bhonn páirtaimseartha.

Teastais Bháis Daniel agus Agnes McManus

Dar leis an teastas báis, d'éag “Daniel McManus from Rathmines” ar an 25 Mí Iúil 1907, sa “Workhouse, Dublin South” agus é 55 bliana d'aois, pósta, agus ina “labourer”; fuair sé bás de “morbus cordis” (galar croí)⁷⁶. Níl a bhean le fáil i nDaonáireamh 1911; ach tá teastas báis “Agnes McManus from 3 Rathmines Rd” le fáil. Fuair sí bás ar an 25 Márta 1918, sa “Workhouse, South Dublin Union”, de bhroicíteas agus í 65 bliana d'aois agus ina baintreach⁷⁷. Bhí sé de nós i dtithe na mbocht ag an am sin gan ach ceannlitreacha ainmneacha na gcónaitheoirí a chlárú sa daonáireamh; b'fhéidir go raibh sí i dteach na mbocht sa bhliain 1911.

An Ceangal

Ardaíonn an taighde seo níos mó ceisteanna ná a fhreagraíonn sé:

Cén fáth ar phós Mary McManus agus an Conaireach chomh déanach sin, beagnach 15 bliana i ndiaidh breith a linbh dheireanaigh? Ar thug Ó Conaire faoi deara gur thosaigh an tsláinte ag

cliseadh air agus gur mithid dó rudaí a chur ina gceart? Chonaiceamar cheana gur sa bhliain roimh an bpósadh a thosaigh an Conaireach agus a chlann ag tabhairt cuairt ar a chéile; cé chomh gníomhach is a bhí an chlann ag tabhairt a dtuismitheoirí ar ais le chéile? An raibh cúiseanna praiticiúla ann a chiallódh go ndéanfadh sé leas Molly, mar bhaintreach nó mar bhean chéile thréigthe, iad a bheith pósta go dleathach? In éagmais fianaise scríofa ón gConaireach ní féidir mórán a chruthú go cinnte. Más fíor nár thug Mary cuairt ar ais ar Éirinn go dtí an bhliain 1927 agus í ina bean phósta, an féidir go raibh an náire ag cur as di roimhe sin? Bhí deirfiúr léi, Rebecca McManus, ina cónaí i Londain freisin go dtí an bhliain 1918; cén sort teagmhála a bhí ann idir na deirfiúracha? (Tá leid sa daonáireamh 1911: cé nach bhfuil Rebecca le fáil sa daonáireamh sin, bhí cuairteoir óg ag Pádraic agus ag Mary ansin a raibh an t-ainm agus an sloinne céanna air agus a bhí ar athair céile Rebecca.) Agus céard a tharla dá siblíní eile? Cá raibh Mary in am an daonáirimh i 1901? An é 3 Bóthar Ráth Maonais an “teach sách mór [a bhí] ag muintir Mhic Mhánais áit éigin i Ráth Maonais”; más ea, cén chaoi a bhfuair siad é, agus cén chaoi ar cailleadh an teach, agus cén chaoi ar bhásaigh tuismitheoirí Mary i dteach na mbocht, dála a gcliamhain, Pádraic Ó Conaire?

Aguisín: Bás agus adhlacadh Thomas Conroy, athair Phádraic Uí Chonaire

Scríobh Tomás de Bhaldráithe i 1982 go raibh ‘a laghad sin eolais chruinn ar scéal beatha Phádraic Uí Chonaire’⁷⁸. Soiléiríonn Pádraig Ó Siadhail, ‘cé gurbh ann do bheathaisnéis amháin san am, *Pádraic Ó Conaire* le hÁine Ní Chnámhín a foilsíodh in 1947, níor luadh ann ‘a chlann ná máthar a chlainne’.⁷⁹

Fadhb eile a bhaineann le scéal beatha an Chonairigh, ná easpa faisnéis bheacht faoi chinniúint a athar, Thomas Conroy. Saolaíodh Thomas i Ros Muc do Patrick Conroy agus do Mary O’Malley. Nuair a phós Thomas Kate McDonagh sa bhliain 1881, scríobhadh go raibh sé in aois a 29;⁸⁰ mar sin, rugadh timpeall 1852 é.

Tábhairneoir agus ceannáí i gcathair na Gaillimhe a bhí i Thomas, ach maidir lena chuid tábhairneoireachta de, deir Ó Cathasaigh ‘Ba é féin an coisliméara ab fhearr a bhí aige, agus de réir mar a bhí ag teip air b’éigean dá mhuirín bogadh ó theach go teach.’⁸¹

Dúirt Proinsias Mac Aonghusa in alt faoi Phádraic Ó Conaire gur ‘Chlis ar fad ar ghnó tábhairneoireachta a athar Tomás Ó Conaire, chúig bhliana roimh bhás a mháthar. B’shin ins an mbliain 1888. Thóg Tomás Meiriceá air féin...’⁸² Ach áitíonn Pádraigín Riggs gur sa bhliain 1887, seachas 1888, a d’imigh Thomas. Léiríonn sí gur thóg Thomas seilbh ar theach agus oifig i nGaillimh am éigin in 1886, ach go raibh an teach sin folamh faoin mbliain 1887.⁸³

Agus céard a tharla do Thomas Conroy tar éis dó imeacht go Meiriceá? Achoimríonn Riggs in dhá abairt a bhfuil ar eolas faoin scéal: ‘Dúradh go raibh sé i gceist aige fios a chur ar a bhean agus ar a chlann nuair a bheadh sé socraithe síos thall, ach dúradh gur cailleadh é ar a shlí amach, nó go gairid tar éis dó talamh Mheiriceá a bhaint amach. Níl d’fhianaise ar a bhás áfach ach scéal a tháinig abhaile ó dhuine a bhí ar an mbád ina theannta ag dul sall.’⁸⁴ Scríobh Pádraic Ó Conaire féin go raibh sé ‘idir 4 agus 5 bliain d’aois (...) nuair a d’éag m’athair.’⁸⁵ Maidir leis an scéal sin a tháinig abhaile, tá an méid seo le rá ag Proinsias Mac Aonghusa:

Go bhfios dom, is ar litir a sheol fear as Siléar i Ros Muc chun a bhaile as Boston atá scéal an bháis bunaithe. Dúirt sé gur casadh Tomás Ó Conaire air féin agus ar fhear eile

as an Siléar thall, go raibh sé tinn, nach i bhfeabhas a chuaigh sé, gur cailleadh é agus gur chuireadar é.

Thiocfadh don scéal sin a bheith fíor. Thiocfadh dó freisin gur mhian le Tomás Ó Conaire éalú glan as a chuid fiacha agus a chúraimí in Éirinn agus tús nua a chur ar a shaol i Meiriceá.

Is iomaí sin fear a bhí i sáinn agus a rinne a leithéid roimhe agus ina dhiaidh.⁸⁶

Ach i gcoinne na tuairimíochta sin, tá mionsonra eile ag Mac Aonghusa a threisíonn le scéal an bháis: ‘De réir Pháidín Bhreathnach as Snámh Bó i Ros Muc, chuaigh a dheirfiúr féin ar cuairt chuig Tomás in ospidéal i mBoston.’⁸⁷

Mar a luadh thuas, scríobh Riggs i 1994 nach raibh d’fhianaise ar bhás Thomas Conroy ach an scéal sin. Ach arís, ní raibh fáil aici ag an am sin ar na cáipéisí báis i mBostún, ná go háirithe, na hinnéacsanna do na cáipéisí sin, atá ar fáil go furasta anois ar líne. Agus is féidir an taifead seo a aimsiú, ach an t-innéacs a cheadú⁸⁸:

DEATHS REGISTERED in the City of Boston for the Year eighteen hundred and eighty-seven

No. 1947, DATE OF DEATH March 16

NAME AND SURNAME OF THE DECEASED Thomas Conroy

SEX M

CONDITION whether single, married, or widowed M

AGE 35

DISEASE, OR CAUSE OF DEATH Typhoid Fever

RESIDENCE AND PLACE OF DEATH City Hospital, 2 Granite St

OCCUPATION Ship chandler

PLACE OF BIRTH Ireland

NAMES OF PARENTS Patrick, Mary

BIRTHPLACE OF PARENTS Ireland

Agus i bhfianaise na cáipéise seo, níl orainn a bheith i muinín an tseanchais a thuilleadh.

Is féidir linn a rá go cinnte anois go raibh scéal báis Thomas Conroy fíor: Thomas Conroy, Éireannach pósta, a rugadh in 1852, mac le Patrick agus le Mary, soláthraí loinge (*ship chandler*: ceannaí a chuireann soláthar ar fáil do longa; bliain tar éis a bháis, thabharfaí ‘Mrs. Conroy, Quay Street, agent for State Line’ ar a bhaintreach, i bhfógra in *Galway Vindicator*⁸⁹) a fuair bás den fhiabhras breac in ospidéal i mBostún.

Agus i gcáipéis eile, *Boston Deaths, 1887*⁹⁰, tá an t-eolas céanna le fáil, móide trí mhionsonra eile:

Date of Registration March 18

Place of Interment Calvary

Informant M. J. Mullen

Maidir leis an reilig sin, Calvary, tá cúpla reilig i gceantar Boston agus ‘Calvary’ ina n-ainm, ach is í Mount Calvary Cemetery in Roslindale, Boston, an reilig a bhíodh in úsáid le haghaidh adhlacadh Caitliceach sa bhliain 1887. Agus tá taifead ag an Boston Catholic Cemetery Association d’adhlacadh ‘Thomas Conroy, age 35’ in Mount Calvary Cemetery ar an 19 Márta 1887⁹¹. Caithfidh gurb é seo an Thomas Conroy céanna a d’éag ar an 16 Márta.

Níl a fhios cérbh é nó í ‘M. J. Mullen’, an faisnéiseoir, ach seans maith gurbh as Ros Muc dó nó di.

Tacaíonn an t-eolas sa cháipéis seo leis an scéal gur cuireadh thall é.

Agus bás a bhí ann a bheadh cinniúnach go leor do litríocht na Gaeilge: dá mairfeadh Thomas Conroy i mBostún chun fios a chur ar a bhean agus ar a chlann, an scríobhfadh Pádraic Ó Conaire focal ar bith as Gaeilge?

Agus mar dhúnadh, bhí rud i gcoiteann ag Pádraic Ó Conaire agus ag Molly McManus: soláthraithe loinge a bhí ina n-aithreacha. B’fhéidir gurb é sin cuid den fháth gur ‘thóg Pádraic Ó Conaire ceann de na seomraí sin... i Samhradh na bliana 1903.’⁹²

1. Riggs, P., 1994: *Pádraic Ó Conaire: Deoraí*. Baile Átha Cliath.
2. Ní Chionnaith, An tSiúr E., 1995: *Pádraic Ó Conaire: Scéal a Bheatha*. Indreabhán.
3. Ní Chnámhín, Á., 1947: *Pádraic Ó Conaire*. Baile Átha Cliath.
4. Ó Cathasaigh, A., 2007: *Réabhlóid Phádraic Uí Chonaire*. Baile Átha Cliath.
5. Riggs, lch 21, Ní Chionnaith, lgh 114-115.
6. Riggs, lch 21.
7. Ní Chionnaith, lch 114.
8. Ó Cathasaigh, lch 54.
9. Ní Chionnaith, lch 115.
10. Mac Aonghusa, P., 1983: ‘Pádraic Ó Conaire. Nótaí beaga faisnéise’, in *Gaillimh agus aistí eile*, Baile Átha Cliath, lch 115.
11. Riggs, lgh 11, 21, 181; Ní Chionnaith, lch 115.
12. Riggs, lch 22; Ní Chionnaith, lch 118.
13. Ní Chionnaith, lgh 118, 438-439.
14. Riggs, lch 182; Ní Chionnaith, lgh 118, 439.
15. Riggs, lch 182.
16. Ní Chionnaith, lch 118.
17. Riggs, lch 182.
18. Ibid. lch 182.

19. Ibid. lch 196; Ní Chionnaith, lch 120.
20. Riggs, lch 57; Ní Chionnaith, lch 439.
21. Ní Chionnaith, lch 439.
22. Riggs, lch 57.
23. Ibid. lgh 196, 202.
24. Ní Chionnaith, An tSiúr E. (eag.), 1989: *Iriseoireacht Uí Chonaire*, Indreabhán, lch 291.
25. Riggs, lch 202; *Iriseoireacht Uí Chonaire*, lgh 255-258, 206-209.
26. Ní Chionnaith, lgh 440-442.
27. Ibid. lch 441.
28. Ibid. lch 456.
29. Ibid. lch 456.
30. Ibid. lch 442.
31. Ibid. lch 462.
32. Ibid. lch 462.
33. Ibid. lch 115.
34. Ibid. lch 116.
35. Ibid. lch 116.
36. Ó Cathasaigh, lch 55.
37. Ibid. lgh 56-57.
38. <http://www.census.nationalarchives.ie/>
39. <http://churchrecords.irishgenealogy.ie/churchrecords/>
40. 1911 England Census, Class: RG14; Piece: 1995. Seans go raibh “Henry O’Grady, visitor” gaolta le Daniel O’Grady, dara fear céile Rebecca McManus, deirfiúr le Mary. Henry O’Grady a bhí ar athair Daniel.
41. The Marriages Act 1886, 49 & 50 Victoria, chapter 14.
42. Ní Chionnaith, lch 115.
43. England & Wales, FreeBMD Marriage Index: 1837-1915.
44. England & Wales, Marriage Index: 1916-2005.
45. Marriage No. 110, 30 January 1926, Registration District of Lambeth, General Register Office.
46. *Iriseoireacht Uí Chonaire*, lch 290.
47. Riggs, lch 181.
48. Ó Cathasaigh, lch 53.
49. Ireland, Civil Registration Births Index, 1864-1958: 1876, Registration District: Dublin North, volume 7, page 611.
50. <http://excavations.ie/Pages/Details.php?Year=2005&County=Dublin&id=13488>
51. Tras-scríbhinn ó RootsIreland.ie
52. Ireland, Civil Registration Marriages Index, 1845-1958: 1872, Registration District: Newry, volume: 6, page: 975.
53. Ireland, Civil Registration Births Index, 1864-1958: 1873, Registration District: Dublin North, volume: 2, page: 653.
54. Tras-scríbhinn ó RootsIreland.ie
55. <http://churchrecords.irishgenealogy.ie/churchrecords/search.jsp?namefm=blanche&name=taylor&location=&dd=&mm=&yy=&submit=Search>
56. Ireland, Civil Registration Births Index, 1864-1958, Registration District: Dublin North, volume: 2, page: 634.
57. Tras-scríbhinn ó RootsIreland.ie
58. England & Wales, FreeBMD Marriages Index, 1837-1915: 1899, 2nd Quarter, Registration District: Wandsworth, volume: 1d, page: 1292.
59. England & Wales, FreeBMD Death Index, 1837-1915: 1907, 2nd Quarter, Registration District: Wandsworth, volume: 1d, page: 252.

60. England & Wales, Marriage Index, 1916-2005: 1916, 1st Quarter, Registration District: Elham, volume: 2a, page 2411.
61. Canadian Passenger Lists, 1865-1935, date of arrival: 25 Aug 1919, port of arrival: Quebec.
62. British Columbia, Canada, Death Index, 1872-1990, registration number: 1953-09-004234.
63. Ireland, Civil Registration Births Index, 1864-1958: 1880, 2nd Quarter, Registration District: Dublin North, volume: 2, page: 636.
64. Tras-scríbhinn ó RootsIreland.ie
65. Ireland, Civil Registration Deaths Index, 1864-1958: 1884, 4th Quarter, Registration District: Dublin North, volume: 2, page 417.
66. Ireland, Civil Registration Births Index, 1864-1958: 1882, 3rd Quarter, Registration District: Dublin North, volume: 2, page 549.
67. Tras-scríbhinn ó RootsIreland.ie
68. Ireland, Civil Registration Deaths Index, 1864-1958: 1885, 3rd Quarter, Registration District: Dublin North, volume: 2, page: 402.
69. Tras-scríbhinn ó RootsIreland.ie
70. Tras-scríbhinn ó RootsIreland.ie
71. <http://churchrecords.irishgenealogy.ie/churchrecords/details/3f70430126470>.
72. <http://churchrecords.irishgenealogy.ie/churchrecords/details/56b57b0084072> . Maidir leis an Mary McManus a chuaigh chun baiste in éineacht le Patrick Joseph, seans gur Molly atá i gceist anseo.
73. Riggs, lch 181.
74. Ancestry.com. *1901 England Census* [database on-line]. Provo, UT, USA: Ancestry.com Operations Inc, 2005.
75. <http://www.census.nationalarchives.ie/reels/nai003695492/>
76. Ireland, Civil Registration Deaths Index, 1864-1958: 1907, 3rd Quarter, Registration District: Dublin South, volume: 2, page: 446.
77. Ireland, Civil Registration Deaths Index, 1864-1958: 1918, 1st Quarter, Registration District: Dublin South, volume: 2, page: 516.
78. de Bhaldráithe, T. (eag.), 1982: *Pádraic Ó Conaire. Clocha ar a Charn*. Baile Átha Cliath, lch 7.
79. Ó Siadhail, P., 2012: ‘Anna Ghordún’ agus an ‘Gaberlunzie Man’: Nóta faisnéise faoi Anne Gordon Rudmose-Brown agus faoi Phádraic Ó Conaire, in *Féilscríbhinn do Chathal Ó Háinle*. lgh 916-933.
80. Riggs, lch 11.
81. Ó Cathasaigh, lch 1.
82. Mac Aonghusa, lch 107.
83. Riggs, lch 176.
84. Riggs, lch 12.
85. Litir do Thomás Ua Concheanainn, 15 Meitheamh 1925, in *Iriseoireacht Uí Chonaire*, lch 286.
86. Mac Aonghusa, lch 108.
87. Ibid. lch 108.
88. Ancestry.com. *Massachusetts, Town and Vital Records, 1620-1988* [database on-line]. Provo, UT, USA: Ancestry.com Operations, Inc., 2011.
89. Riggs, lch 12.
90. Ancestry.com. *Massachusetts, Death Records, 1841-1915* [database on-line]. Provo, UT, USA: Ancestry.com Operations, Inc., 2013.
91. Comhfhreagras príobháideach, 21 Meán Fómhair 2014.
92. Mac Aonghusa, lch 115.

*~ Hostos Community College, CUNY
jgillen@hostos.cuny.edu*

An tÚll Mór © 2012